VACSAÍN COVID-19
Comhairle Sláinte Poiblí

# Teanndáileoga COVID-19

## Do dhaoine atá idir 18 mbliana agus 49 bliain d'aois nach bhfuil riochtaí sláinte orthu cheana féin

**Arna fhoilsiú ag FSS an 23 Nollaig 2022**

**Leagan 1**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

**Is ortsa atá an chomhairle seo dírithe má tá tú idir 18 mbliana agus 49 bliain d'aois ar chuntar:**

- nach bhfuil riochtaí sláinte ort cheana féin
- nach bhfuil tú imdhíon-lagaithe
- nach oibrí cúraim sláinte thú
- nach bhfuil tú ag iompar clainne

## Cén fáth ar cheart dom vacsaín eile a fháil?

D'fhéadfadh an chosaint a fuair tú ó na vacsaíní a fuair tú cheana, nó an chosaint a fuair tú ó ionfhabhtú COVID-19 féin, éirí ní ba laige le himeacht ama.

Cuireann teanndáileoga le do chosaint in aghaidh COVID-19.

B'fhéidir go smaoineofá ar an teanndáileog a fháil le daoine eile a chosaint freisin. Mar shampla, más cúramóir thú nó má tá cónaí ort le duine a bhfuil ardriosca ag baint le COVID-19 dó, duine a bhfuil córas lag imdhíonachta aige, cuir i gcás).

## Cá mhéad vacsaín in aghaidh COVID-19 ba cheart dom a bheith faighte agam?

Tá an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) ag moladh:

- gur cheart duit do chéad bhabhta vacsaíní in aghaidh COVID-19 a bheith faighte agat (2 dháileog de ghnáth, ach amháin na daoine siúd a fuair dáileog amháin de vacsaín Janssen in aghaidh COVID-19).
- gur cheart duit an chéad teanndáileog a fháil ansin
- gur féidir leat an dara teanndáileog a fháil anois

## Cathain ba cheart dom teanndáileog a fháil?

Ba cheart duit an dara teanndáileog a fháil 6 mhí ar a laghad tar éis do vacsaíne deiridh in aghaidh COVID-19.

Má bhí COVID-19 ort ó shin, ba cheart duit fanacht go ceann 6 mhí ar a laghad ón uair a tháinig na siomptóim ort den chéad uair nó ón uair a fuair tú an toradh deimhneach roimh duit an teanndáileog a fháil

## Cén vacsaín a thairgfear dom mar theanndáileog?

Tá an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) in Éirinn ag moladh trí vacsaín oiriúnaithe mRNA in aghaidh COVID-19 mar theanndáileoga anois agus iad ceadaithe ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach.

Is iad seo a leanas na vacsaíní:

- Comirnaty® BA.1 (Vacsaín Pfizer)
- Comirnaty® BA.4-5 (Vacsaín Pfizer)
- Spikevax® BA.1. (Vacsaín Moderna)

Cé gur fíor go dtugann na vacsaíní a bhí againn roimhe seo cosaint in aghaidh COVID-19, táthar ag súil go dtabharfaidh na vacsaíní oiriúnaithe cosaint níos leithne in aghaidh athraithigh de COVID-19.

## Céard is eol dúinn faoi shábháilteacht na dteanndáileog?

Níl an méid céanna faisnéise againn maidir le sábháilteacht an dara teanndáileog agus teanndáileoga eile den vacsaín in aghaidh COVID-19. Mar sin féin, tá roinnt dáileog de vacsaíní in aghaidh COVID-19 tugtha do dhaoine in an-chuid tíortha. Níl aon ní is údar imní ó thaobh sábháilteachta de tagtha chun cinn i staidéir ar dhaoine a fuair ní ba mhó ná teanndáileog amháin. Táthar ag súil go mbeidh sábháilteacht na vacsaíní oiriúnaithe nach mór mar an gcéanna leis na vacsaíní roimhe seo. Leanfaidh an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach uirthi ag déanamh monatóireacht ar shábháilteacht na vacsaíní. Tá Trometamol sna vacsaíní oiriúnaithe go léir agus, mar sin, ní féidir leat iad a fháil má bhí anaifiolacsas (frithghníomhú trom ailléirgeach) ort i leith Trometamol.

## An bhfuil teanndáileoga vacsaíne ceadúnaithe ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach?

Níl an dara teanndáileog ná teanndáileoga eile de vacsaíní mRNA ceadaithe ag an nGníomhaireacht. Mar sin féin, tá comhairle eisithe ag an nGníomhaireacht agus ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) gur féidir an dara teanndáileog de vacsaín mRNA in aghaidh COVID-19 a thabhairt dóibh siúd atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus dóibh siúd atá 16 bliana d'aois nó os a chionn a bhfuil riocht sláinte orthu a fhágann go bhfuil ardriosca galair ann dóibh, toisc go dtabharfaidh an dara teanndáileog cosaint níos fearr dóibh. D'fhéadfadh sé nach mbeadh moltaí an Choiste ag teacht le moltaí na Gníomhaireachta i ngach uile chás de bharr nach mbíonn an Coiste ag breathnú ach ar shonraí agus ar chás na hÉireann amháin. In Éirinn, is í comhairle an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) a gcloímid léi.

## An féidir liom an vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil ag an am céanna leis an vacsaín fliú?

Is féidir. Má tá sé in am duit vacsaín fliú a fháil, is féidir leat ceann ar bith de na vacsaíní in aghaidh COVID-19 a fháil ag an am céanna.

## Tuilleadh eolais

Is féidir leat dul chuig láithreán gréasáin FSS ag **www.hse.ie/covid19vaccine nó glao a chur ar HSELive ar 1800 700 700** le tuilleadh eolais a fháil. Bíonn siad ar oscailt ó 8 r.n. go 8 i.n. ó Luan go hAoine agus ó 9 r.n. go 5 i.n. ar an Satharn agus ar an Domhnach.

Is féidir leat labhairt le do dhochtúir teaghlaigh, altra, cógaiseoir nó vacsaíneoir chomh maith.

**Arna fhoilsiú ag FSS**
**an 23 Nollaig 2022**

**Leagan 1**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland